Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**10449/23**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0186(NLE)**

**UK 117**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 9 Meitheamh 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 322 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh chun Cuid I d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú a leasú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 322 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 322 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.6.2023
COM(2023) 322 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh chun Cuid I d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú a leasú**

# CEANGALTÁN

CINNEADH Uimh. […]/2023 ÓN gCOMHCHOISTE A BUNAÍODH LEIS AN gCOMHAONTÚ MAIDIR LE RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN A BHEITH AG TARRAINGT SIAR AS AN AONTAS EORPACH AGUS AS AN gCOMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH

an …

lena leasaítear Cuid I d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach

AN COMHCHOISTE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach[1] ('an Comhaontú um Tharraingt Siar'), agus go háirithe Airteagal 36(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 36(4) den Chomhaontú um Tharraingt Siar tugtar de chumhacht don Chomhchoiste a bunaíodh faoi Airteagal 164(1) de ('an Comhchoiste') cinntí a ghlacadh lena leasaítear Cuid I d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú sin, chun aon Chinneadh nua nó Moladh nua arna bhformheas ag an gCoimisiún Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta a léiriú. De bhun Airteagal 166(2) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, na cinntí a ghlacfaidh an Comhchoiste, beidh siad ina gceangal ar an Aontas agus ar an Ríocht Aontaithe. Na cinntí sin a bhfuil na héifeachtaí dlíthiúla céanna acu agus atá ag an gComhaontú um Tharraingt Siar, ní mór don Aontas agus don Ríocht Aontaithe na cinntí sin a chur chun feidhme.

(2) Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart Cuid I d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar a leasú trí dhá chinneadh ón gCoimisiún Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta a chur leis agus trí thrí chinneadh ar cuireadh na cinntí nua ina n-ionad a bhaint.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.

*Airteagal 1*

Leasaítear an Comhaontú um Tharraingt Siar mar a leanas:

(1) I gCuid I d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar, i dtaca le Cinneadh Uimh. H12 an 19 Deireadh Fómhair 2021 maidir leis an dáta atá le cur san áireamh chun na rátaí comhshó dá dtagraítear in Airteagal 90 de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] a chinneadh, cuirfear an Cinneadh sin isteach faoi 'Saincheisteanna cothrománacha (sraith H)';

(2) I gCuid I d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar, i dtaca le Cinneadh Uimh. H13 an 30 Márta 2022 maidir le comhdhéanamh agus modhanna oibre Bhord Iniúchóireachta an Choimisiúin Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta[3], cuirfear an Cinneadh sin isteach faoi 'Saincheisteanna cothrománacha (sraith H)';

(3) I gCuid I d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar, bainfear na gníomhartha seo a leanas:

(a) Cinneadh Uimh. H3 an 15 Deireadh Fómhair 2009 maidir leis an dáta atá le cur san áireamh chun na rátaí comhshó dá dtagraítear in Airteagal 90 de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] a chinneadh, arna leasú le Cinneadh Uimh. H7 an 25 Meitheamh 2015 i dtaca leis an athbhreithniú ar Chinneadh Uimh. H3 maidir leis an dáta atá le cur san áireamh chun na rátaí comhshó dá dtagraítear in Airteagal 90 de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chinneadh, ar cinneadh é a gcuirtear Cinneadh Uimh. H12 an 19 Deireadh Fómhair 2021 ina ionad maidir leis an dáta atá le cur san áireamh chun na rátaí comhshó dá dtagraítear in Airteagal 90 de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chinneadh[5];

(b) Cinneadh Uimh. H4 an 22 Nollaig 2009 maidir le comhdhéanamh agus modhanna oibre Bhord Iniúchóireachta an Choimisiúin Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta[6], ar cinneadh é a gcuirtear Cinneadh Uimh. H13 an 30 Márta 2022 ina ionad maidir le comhdhéanamh agus modhanna oibre Bhord Iniúchóireachta Choimisiúin Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta[7];

(c) Cinneadh Uimh. H7 an 25 Meitheamh 2015 i dtaca leis an athbhreithniú ar Chinneadh Uimh. H3 maidir leis an dáta atá le cur san áireamh chun na rátaí

---

2 IO C 93, 28.2.2022, lgh. 6-7.
3 IO C 305, 10.8.2022, lgh. 4-7.
4 IO C 106, 24.4.2010, lgh. 56-57.
5 IO C 93, 28.2.2022, lgh. 6-7.
6 IO C 107, 27.4.2010, lgh. 3-5.
7 IO C 305, 10.8.2022, lgh. 4-7.

comhshó dá dtagraítear in Airteagal 90 de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8] a chinneadh, ar cinneadh é a gcuirtear Cinneadh Uimh. H12 an 19 Deireadh Fómhair 2021 ina ionad maidir leis an dáta atá le cur san áireamh chun na rátaí comhshó dá dtagraítear in Airteagal 90 de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chinneadh[9].

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a ghlactha.

Arna dhéanamh …,

Thar ceann an Chomhchoiste

Na Comhchathaoirligh

[8] IO C 52, 11.2.2016, lch. 13.
[9] IO C 93, 28.2.2022, lgh. 6-7.